Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**13546/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0331 (NLE)**

**AVIATION 275**
**CHINE 8**
**RELEX 934**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh |

**CINNEADH (AE) .../… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100 (2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2020/1075 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2020[1], formheasadh an Comhaontú i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne[2] ('an Comhaontú') thar ceann an Aontais agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2020[3].

(2) In Airteagal 11 (1) den Chomhaontú, déantar foráil go bhfuil Comhchoiste de chuid na bPáirtithe le bunú le haghaidh fheidhmiú éifeachtach an Chomhaontuithe.

(3) Ina theannta sin, foráiltear in Airteagal 11 (3) den Chomhaontú go bhfuil an Comhchoiste chun a rialacha nós imeachta a tharraingt suas agus a ghlacadh.

(4) Chomhoibrigh an Coimisiún agus Údarás Eitlíochta Sibhialta na Síne i dtarraingt suas dréachtrialacha nós imeachta.

(5) Is iomchuí an seasamh a bhunú atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a mhéid a bhaineann le glacadh rialacha nós Imeachta an Chomhchoiste, ós rud é go mbeidh siad ina gceangal ar an Aontas. Ba cheart seasamh an Aontais laistigh den Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an dréachtChinneadh ón gComhchoiste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 240, 24.7.2020, lch. 4.

[2] Cinneadh (AE) 2020/1075 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 240, 24.7.2020, lch. 1.)

[3] IO L 3, 7.1.2021, lch. 3

*Airteagal 1*

Is ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste[1] a bhunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an gcéad chruinniú den Chomhchoiste faoin gComhaontú i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais laistigh den Chomhchoiste mionathruithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste a aontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach doiciméad 13371/21 ADD 1 ar http://register.consilium.europs.eu